Department of Education
www.education-ni.gov.uk

# TREORACHA FAOI ÉIDÍ SCOILE

Acht um Éidí Scoile (Treoracha agus Liúntais) (Tuaisceart Éireann) 2026

# Clár an Ábhair

**Téarmaí a úsáidtear sna Treoracha faoi Éidí Scoile** .... 3
**Réamhrá** .... 4
Feidhm agus Cuspóir na dTreoracha .... 4
Dualgais Reachtúla agus Sainmhínithe .... 5
**Treoir 1** .... 7
**Treoir 2** .... 9
**Treoir 3** .... 10
**Treoir 3A** .... 11
**Treoir 4** .... 11
**Treoir 5** .... 12
**Treoir 6** .... 13
**Treoir 7** .... 14
**Treoir 8** .... 15
**Treoir 9** .... 16
**Treoir 10** .... 16
**Treoir 11** .... 16
**Treoir 12** .... 17
**Treoir 13** .... 18
**Treoir 14** .... 18
**Treoir 15** .... 19
**Treoir 16** .... 19
**Iarscríbhinn 1** .... 21
**Iarscríbhinn 2** .... 21
**Modhanna Praiticiúla lenar Féidir le Scoileanna Costais Éide a Laghdú** .... 23

## Téarmaí a úsáidtear sna Treoracha faoi Éidí Scoile

**Ball éadaigh faoi bhranda** – ciallaíonn ‘ball faoi bhranda’ ball éadaigh a bhfuil tréithe sainiúla aige. Cuimsíonn sé éadach de dhéantús nó de bhranda áirithe, nó a bhfuil lógó faoi leith air – bíodh sin ag baint leis an scoil nó le comhlacht éadaí spóirt – nó cumaisc, dathanna nó fabraicí uathúla nó le suaitheantais nó marcáil uathúil air.

**Costais iomarcacha** – sna treoracha seo ciallaíonn an téarma seo costais níos airde ná mar a bheadh ar acmhainn, go réasúnta, ag teaghlaigh ar ioncaim níos ísle agus/nó costais a thagann de bhun na riachtanas ar bhaill éadaigh faoi leith, bíodh siad faoi bhranda nó ná bíodh.

**Teaghlaigh ar ioncaim níos ísle** – chun críche na dtreoracha seo, measann an Roinn gur réasúnta teaghlaigh in bhfuil páistí incháilithe do bhéilí scoile saor in aisce a shainmhíniú mar theaghlaigh ar ioncaim níos ísle, nuair a bheifear ag measúnú na tairsí do chostas iomlán na mball éide scoile ar féidir a chur de cheanglas ar dhaltaí iad a chaitheamh. Is féidir teacht ar an tairseach incháilitheachta do bhéilí scoile saor in aisce anseo: Cuir isteach ar Bhéilí Scoile Saor in Aisce | Údaráis Oideachais Thuaisceart Éireann

**Bainisteoir scoile** –arna shainmhíniú in alt 11(1)(c) den Acht um Éidí Scoile (Treoracha agus Liúntais) mar an duine nó an t-údarás atá freagrach as bainistiú na scoile, lena n-áirítear iad siúd ar a dtugtar—

(i) Bord na nGobharnóirí, nó

(ii) an t-úinéir.

**Tuismitheoirí** – mura dtugtar a mhalairt le fios, ciallaíonn seo tuismitheoirí daltaí atá cláraithe ar an scoil. Tá feidhm le ciall dhlíthiúil tuismitheora mar atá leagtha amach san Ordú um Oideachas agus Leabharlanna (Tuaisceart Éireann) 1986 i.e., iad siúd ar a bhfuil freagracht tuismitheora nó cúraim ar pháiste, mar a chiallaíonn ‘caomhnóir’ chomh maith faoi alt 1(3)(a) den Acht.

**Daltaí** – mura dtugtar a mhalairt le fios, ciallaíonn seo daltaí atá cláraithe ar an scoil.

**Stíleanna faoi leith** –áirítear leis seo coisbheart, baill faoi bhranda, cumaisc, dathanna nó fabraicí uathúla.

**Gnéithe éagóracha costais** – ciallaíonn seo aon ghné de pholasaí éide scoile a d’fhéadfadh ceisteanna a chruthú faoi chostas iomarcach éide – bíodh sin ina mbaill aonair nó ina gcodanna den éide nó gach ball nó éide atá de dhíth do dhaltaí aonair – nó costais neamhréasúnta i ngeall ar rogha theoranta ag tuismitheoirí maidir le háit ina bhfuil éidí ar fáil le ceannach. Déanfar breithniú speisialta faoi chostais atá níos airde go suntasach ar stíleanna áirithe ball faoi leith, agus deacrachtaí acmhainneachta ag teaghlaigh ar ioncaim níos ísle.

**Soláthróirí éide** – baineann an téarma seo le haon déantóir, díoltóir agus/nó siopa a chuireann baill éide scoile ar fáil, lena n-áirítear éide corpoideachais/cluichí. Áirítear leis aon díoltóir neamhspleách, sreangdhíoltóir, ollmhargadh agus comhlachtaí éadaí spóirt. Sa chás go bhfuil an scoil féin ag soláthar ball éide do thuismitheoirí, tá sí sin san áireamh chomh maith.

## Réamhrá

1. Cuireann an an tAcht um Éidí Scoile (Treoracha agus Liúntais) (Tuaisceart Éireann) 2026 (an tAcht) de cheanglas ar an Roinn Oideachais (an Roinn) treoracha oifigiúla a eisiúint maidir le polasaithe i dtaca le héidí scoile. Leagtar amach na treoracha sin sa cháipéis seo.

2. Tá feidhm an dlí leis na treoracha seo. Cuireann Alt 7 den Acht de cheanglas go gcloífidh gach bunscoil agus iar-bhunscoil leo, faigheadh siad cabhair dheontais nó bíodh siad neamhspleách. Cuimsíonn sin ranna ullmhúcháin na scoileanna gramadaí. Tá de dhualgas ar bhainisteoir scoile a chinntiú go gcomhlíontar na treoracha agus taifead a choinneáil ar an dóigh a riarann an scoil ar na riachtanais seo.

3. Is féidir le scoil a roghnú cé acu a bheidh éide acu nó nach mbeidh, ach mar sin féin, ní mór d'aon scoil a mbeidh éide aici a chinntiú go gcomhlíonann a polasaí éide na treoirlínte seo.

4. Ní mór do scoileanna na fáthanna lena roghanna faoi éide a mhíniú i bpolasaí foilsithe ar a suíomh gréasáin. Tá an méid seo anuas ar na ceanglais reatha faoi na Rialacháin Oideachais (Eolas agus Eolairí Scoile) (Tuaisceart Éireann) 2003.

5. Má fhaigheann an Roinn amach nach bhfuil scoil ag comhlíonadh na dtreoracha seo, is féidir léi treoir fhoirmiúil a úsáid le tabhairt ar an scoil comhlíonadh  a dhéanamh. Tugadh scoileanna faoi deara chomh maith gur féidir le duine aonair gearáin a thógáil leis an Roinn sa chás go dtuigtear dóibh nach bhfuil scoil ag cloí leis na ceanglais reachtúla nó ag comhlíonadh na dtreoracha seo.

### Feidhm agus Cuspóir na dTreoracha

6. Roghnaíonn nach mór gach uile scoil i dTuaisceart Éireann éide a bheith aici agus aithníonn an Roinn an luach atá le héidí scoile mar bhealach le féiniúlacht, pobal, agus úinéireacht a chur chun tosaigh i bpobal na scoile. Is féidir le héidí cothromas a chur chun tosaigh idir dhaltaí agus an brú a laghdú ar theaghlaigh a gcuid éadaí féin a chur ar fáil. Mar sin féin, is riachtanach nach gcuirfeadh na polasaithe éide an iomarca brú airgeadais ar theaghlaigh, go háirithe orthu siúd a bhfuil ioncaim níos ísle acu.

7. Is é cuspóir na dtreoracha seo ná tacú le scoileanna maidir le polasaithe éide a fhorbairt atá idir chothrom, chuimsitheach agus thuisceanach ar dhálaí airgeadais na dteaghlach.

8. Tá cúig phrionsabal mar bhonn ag na treoracha seo:

   i. **Inacmhainneacht agus Inrochtaineacht a Chinntiú**
   Ní mór do na polasaithe éide bheith inacmhainne ag teaghlaigh, go háirithe iad siúd atá incháilithe do bhéilí scoile saor in aisce. Ba chóir do scoileanna costais bhreise a íoslaghdú agus a chinntiú go mbeidh na baill den éide ar fáil go forleathan ó chuid mhaith soláthróirí.

   ii. **Comhionannas agus Inchuimsitheacht a Chur Chun Cinn**
   Ba chóir do na polasaithe éide reachtaíocht cearta daonna agus cothromais a chomhlíonadh. Ní mór coigeartuithe a dhéanamh do dhaltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu agus níor chóir go mbeadh aon dalta faoi mhíbhuntáiste i ngeall ar chúiseanna inacmhainneachta.

   iii. **Tacú le Compord agus Praiticiúlacht**
   Ba chóir go mbeadh éidí compordach, praiticiúil, agus oiriúnach do gach séasúr. Ba chóir go dtacódh siad le rannpháirtíocht na ndaltaí san fhoghlaim, san imirt agus sa ghníomhaíocht fhisiciúil.

   iv. **Trédhearcacht agus Comhairliúchán a Chur Chun Cinn**
   Ní mór do scoileanna dul i gcomhairle le tuismitheoirí, daltaí agus páirtithe leasmhara eile agus iad i mbun forbairt nó athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaithe éide. Ní mór dóibh chomh maith eolas soiléir a fhoilsiú faoi chostas agus faoi sholáthróirí éidí agus na cúiseanna le roghanna faoi éidí.

   v. **Rannpháirtíocht agus Folláine a Chaomhnú**.

   Níor chóir go mbeadh costais éide mar bhacainn réasúnta ar dhaltaí iarratas a chur isteach ar scoil nó páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile. Níor chóir pionós a ghearradh ar dhaltaí as sáruithe éide i ngeall ar chúiseanna inacmhainneachta.

9. Trí na riachtanais seo a leagan amach go mion sna treoracha a leanas, tá de chuspóir ag an Roinn cur chuige comhleanúnach, cothrom, trédhearcach a chruthú i dtaca le héidí scoile ar fud Thuaisceart Éireann, a chinnteoidh go mbeidh polasaí éide gach uile scoil mar thaca le daltaí rochtain a fháil ar an oideachas gan aon bhacainn airgeadais.

## Dualgais Reachtúla agus Sainmhínithe

10. Beidh feidhm reachtúil ag na treoracha seo ó 20 Feabhra 2026 agus cuireann an reachtaíocht de cheanglas ar gach bainisteoir scoile agus gach uile bhall foirne a bheidh páirteach i bpolasaí éide a chruthú, a athbhreithniú, a chur i bhfeidhm nó a fhorfheidhmiú iad a chomhlíonadh.

11. Is é bainisteoir na scoile atá freagrach as a chinntiú go ndéantar na bearta riachtanacha ar fad, ach ní gá gurb iad féin go pearsanta a dhéanfadh gach uile thasc.

12. Tugann Cuid 2 den Acht d’údarás don Roinn a leagan amach cad é a mheasfar a bheith réasúnta nó míréasúnta i bpolasaí éide scoile. Mar sin, úsáidtear na téarmaí sa treoir seo leis an údarás atá á bhronnadh ag Cuid 2.

## Treoir 1

**Ní mór do pholasaithe éide scoile a chinntiú go mbeidh éidí inacmhainne ag teaghlaigh leis na hioncaim is ísle agus nach mbeidh costais éagothroma i gceist leo.**

<u>Míniú</u>

13. Cuireann an reachtaíocht de cheanglas ar na treoirlínte seo tabhairt faoi aon ghnéithe de pholasaithe éide scoile a bhféadfadh costais éagothroma bheith i gceist leo. Ní mór do scoileanna costais éagothroma a sheachaint ina roghanna éide sa dóigh ‘s nach gcuirfear costas míréasúnta airgeadais ar theaghlaigh.

14. Sa reachtaíocht seo, tagraíonn ‘costais éagothroma’ d’aon chuid de pholasaí éide scoile, a d’fhéadfadh, de réir na Roinne, bheith ina chúis le costais iomarcacha nó mhíréasúnta ar theaghlaigh. Cuimsíonn seo an méid a leanas:
    - Costas ard ar bhaill faoi leith nó ar éide iomlán.
    - Teorainn lena fhairsinge atá baill ar fáil ó dhíoltóirí, rud a chuireann srian leis an rogha agus ar féidir leis praghas a ardú.

15. Ní mór don Roinn aird faoi leith a bheith aici ar na nithe a leanas:
    - Fianaise go bhfuil stíleanna sainiúla níos daoire go suntasach ná roghanna malartacha cineálacha.
    - Ceisteanna níos leithne faoin inacmhainneacht i measc teaghlaigh le hioncaim níos ísle.

16. Cé nach gá go mbeadh scoileanna ar an eolas faoi ioncaim teaghlaigh aonair, ba chóir go mbainfeadh siad earraíocht as Béilí Scoile Saor in Aisce mar shlat tomhais ghinearálta don inacmhainneacht.

17. Bíonn an inacmhainneacht éagsúil, ar ndóigh, ó theaghlach go teaghlach, go fiú idir iad siúd a bhfuil ioncaim ísle acu, i ngeall ar chúiseanna ar nós costas tithíochta, fiacha, agus méid an teaghlaigh. Moltar do scoileanna dul i gcomhairle le tuismitheoirí le brú airgeadais a thuiscint agus tuairimí a fháil faoin inacmhainneacht. Mar threoir, moltar i gcreat inacmhainneachta áirithe nár chóir go sáródh costais éide 5% d’ioncam míosúil an teaghlaigh.

18. Is féidir le scoileanna breithniú a dhéanamh faoin íocaíocht éide scoile agus iad ag measúnú na hinacmhainneachta, ach níor mhór dóibh bheith aireach faoi na teaghlaigh sin a bhfuil ioncam acu atá beagán os ceann na tairsí, nach mbeidh i dteideal an deontas éide a fháil.

19. Is féidir le scoileanna a roghnú tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí maidir le costas na mball éide, mar is mian leo féin. Nuair a bheidh an Roinn ag measúnú na gcostas éagothrom, is é an costas don tuismitheoir an t-ábhar is mó. Is féidir

go mbeidh ball níos daoire inghlactha má bhíonn liúntas ar fáil nó iasacht trí scéim a reáchtálann an scoil, mar shampla.

20. Beidh aird faoi leith ag an Roinn ar na nithe a leanas agus iad i mbun measúnaithe faoi chostais éagothroma:

    - Sa chás go bhfuil níos mó ná rogha amháin ar bhall éide ar fáil do thuismitheoirí, níor chóir go mbeadh aon difear ábhartha do na daltaí a chaitheann an ball sin mar gheall ar a chostas.
    - Ba chóir go mbeadh costais éide cothrom ar gach gnéas, gan aon difear ábhartha sa chostas do bhuachaillí agus do chailíní sa scoil.
    - Ba chóir go mbeadh aon bhall éide difreálaithe mar aitheantas nó chun dealú idir bliainghrúpaí agus/nó eochairchéimeanna sa scoil (ar nós caság onórach nó bhliain a sé) a bheith iomlán roghnach agus gan costas breise a bheith leis do thuismitheoirí. Measann an Roinn gur míréasúnta aon chostas ábhartha níos mó a bheith ar bhall éide dá leithéid do thuismitheoirí seachas na gnáthbhaill éide atá de dhíth ar dhaltaí eile. Ba chóir baill mar sin a bheith san áireamh sa pholasaí éide agus sa chomhairliúchán.

21. Má aimsíonn tuismitheoir, nó aon duine eile, leagan de bhall éide atá inchomparáide ach ar chostas níos ísle, atá ar cháilíocht chosúil agus ar fáil go forleathan, ní mór don scoil breithniú a dhéanamh faoina polasaí éide leis an bhall sin ar chostas níos ísle a chur san áireamh. Is dócha leis an Roinn go mbunóidh scoileanna costais éide ar an rogha oiriúnach is inacmhainne.

22. Má leanann scoil den éileamh ar bhaill níos costasaí gan aon dlisteanú, is féidir go mbeidh sí ag sárú na dtreoracha seo agus an Achta féin. I gcásanna a aimsítear nach bhfuil bainisteoir na scoile ag cloí leis na treoracha, beidh de cheanglas ar an Roinn treoir fhoirmiúil a eisiúint don scoil, a fhoilseofar agus a mbeidh ainm na scoile luaite inti. Chun seo a sheachaint, ba chóir do scoileanna i gcónaí an leagan is ísle costas de gach ball éide a aimsiú agus a úsáid.

## Treoir 2

**Ní mór do pholasaithe éide scoileanna cearta daonna agus reachtaíocht chothromais ábhartha a chomhlíonadh, lena n-áirítear coigeartuithe oiriúnacha do dhaltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil sainriachtanais oideachais acu.**

<u>Míniú</u>

23. Ní mór do scoileanna bheith ar an eolas faoi na dlíthe a chosnaíonn daoine ar leithcheal éagórach lena n-áirítear cearta daonna, cine, gnéas agus míchumas. Tá na hoibleagáidí dlíthiúla seo mar dhúshraith ag na treoracha seo agus ní mór dóibh bheith mar bhonn eolais do na scoileanna agus iad ag cur ceanglais an Achta i bhfeidhm.

24. Maidir le daltaí ar bhfuil RS acu nó atá faoi mhíchumas, go háirithe iad siúd a thagann i láthair mar cheisteanna céadfaíocha, ba chóir go mbeadh coigeartuithe réasúnta ar fáil nach bhfuil costais bhreise ag baint leo atá os cionn na gcostas a bhíonn ar dhaltaí eile. B’fhéidir gurbh ionann sin agus a an éide a chur ar fáil le

fabraic dhifriúil nó le feistiú difriúil nó dearadh iomlán na héide a chur in oiriúint lena chinntiú go mbeidh sé inrochtana agus inacmhainne ag gach dalta i rith an ama.

25. Nuair a bheidh scoileanna i mbun polasaithe éide a chruthú, ní mór dóibh bheith aireach faoin riosca go mbeidh leithcheal indíreach ann. Bíonn seo i gceist nuair a bhíonn riail ann do chách ach a bhaineann go héagothrom do ghrúpaí faoi leith – ar nós iad siúd a bhfuil inscne, cine, creideamh nó reiligiún faoi leith acu – a mbeadh deacracht acu é a chomhlíonadh go praiticiúil.

## Treoir 3

**Ní mór do pholasaithe éide scoile a chinntiú go mbeidh éidí compordach, praiticiúil, furasta a chothabháil agus oiriúnach do gach uile shéasúr shéasúr agus, ón pholasaí do 2027/28 ar aghaidh, tá an rogha le tabhairt do na cailíní bríste a chaitheamh i rith na bliana scoile – sin le haghaidh an Chorpoideachais/na gcluichí fosta.**

<u>Míniú</u>

26. Ní mór do scoileanna breithniú a dhéanamh faoi chompord agus faoi phraiticiúlacht éidí. Bíodh an aird seo mar bhonn ag scoileanna agus iad ag dearadh a gcuid polasaithe éide. Beidh sé mar chuid thábhachtach chomh maith de chomhairliúcháin na scoile.

27. Ní mór go mbeidh baill na héide scoile mar thaca le gnéithe ginearálta, praiticiúla de shaol na scoile lena n-áirítear an fhoghlaim phraiticiúil féin (lena n-áirítear cur chuige foghlama bunaithe ar shúgradh a úsáidtear ag an Bhonnchéim agus ag Eochairchéim 1); tacú le daltaí taisteal gníomhach a dhéanamh ar scoil; agus/nó páirt a ghlacadh sa súgradh gníomhach am sosa agus lóin. Tá cead ag scoileanna éide faoi leith a bheith acu don Chorpoideachas (féach Treoir 7).

28. Ní mór go léirítear i bpolasaí éide na scoile a oiriúnaí atá baill na héide ó thaobh na haimsire de i rith na bliana. Measann an Roinn gur réasúnta do bhainisteoir na scoile a chinntiú go bhfuil an éide oiriúnach do gach séasúr agus gur féidir a athrú go furasta ag brath ar thráth na bliana, mar shampla, cóta cineálach a chur leis sa gheimhreadh, nó geansaithe, cairdeagain agus casóga a bhaint sa samhradh, seachas baill éide faoi leith a éileamh don gheimhreadh agus don samhradh. Ní chuireann seo bac ar bith le baill roghnacha, ar phraghas réasúnta, do na séasúir éagsúla ar nós scairfeanna, gúnaí samhraidh nó bríste gairid.

29. Measann an Roinn gur réasúnta go mbeadh cúinsí sábháilteachta i gceist nuair a bheifear ag dearadh polasaí éide scoile. Mar shampla, is féidir go mbeidh stialla frithchaiteacha ar bhaill éide, nó gan a thabhairt ar dhaltaí níos óige carbhat a chaitheamh, mar chabhair ó thaobh na sábháilteachta de.

30. Measann an Roinn gur réasúnta do bhainisteoir na scoile bheith aireach faoi chúrsaí cothabhála do na baill éide. Is cóir breithniú faoin inacmhainneacht, chomh maith lena phraiticiúla atá sé baill éide a choinneáil glan go furasta. Ba chóir go mbeadh scoileanna ar an eolas go bhfuil roinnt buntáistí ag casóga aicrileacha seachas casóga olla óna thaobh seo de, ós rud é gur saoire iad, agus níos fusa le cothabháil i ngeall gur féidir a ní i meaisín níocháin, agus nach iondúil go mbíonn tirimghlanadh de dhíth orthu.

## Treoir 3A

**Ón pholasaí do 2027/28 ar aghaidh, tá an rogha le tabhairt sna polasaithe éide scoile do na cailíní bríste a chaitheamh i rith na bliana scoile – le haghaidh an Chorpoideachais/na gcluichí fosta.**

<u>Míniú</u>

31. Tá scoileanna leis an rogha a thabhairt do na cailíní bríste a chaitheamh mar chuid dá n-éide i rith na bliana scoile – ní ceist a bhaineann leis na séasúir é seo cé go bhféadann bríste níos mó teasa a choinneáil le linn na míonna níos fuaire.

32. Tá scoileanna le rogha a thabhairt fosta do na cailíní bríste a chaitheamh mar chuid dá n-éide le haghaidh an Chorpoideachais/na gcluichí. Cuimsíonn sin bríste traenála, luiteoga, briste gairid, scórta nó éadaí cosúil leo siúd. Má tá cúis ar leith ann go bhfuil an scoil ag iarraidh gan an bríste a chur san áireamh i ndearadh na héide do na spóirt foirne nó do na spóirt aonair, caithfear an réasúnaíocht a thabhairt i dtaca leis sin agus sin a bheith luaite mar chuid den chomhairliúchán.

## Treoir 4

**Ní mór do bhainisteoir na scoile dul i gcomhairle le tuismitheoirí, daltaí agus aon ghrúpa eile a mheasann siad a bheith ábhartha agus iad ag dearadh nó ag athbhreithniú a bpolasaithe maidir le héide scoile.**

<u>Míniú</u>

33. Is ionann an chéad pholasaí éide scoile a bhreacfar agus/nó a chuirfidh scoil i bhfeidhm tar éis don Acht teacht i bhfeidhm, nó an chéad pholasaí éide de chuid scoil nua/chónasctha agus an polasaí éide á dhearadh. Is athbhreithnithe ar an pholasaí iad na polasaithe éide a dhéanfar ina dhiaidh sin.

34. I gceachtar acu cás, ní mór do bhainisteoir na scoile a chinntiú go ndéantar tuairimí tuismitheoirí agus daltaí na scoile a lorg maidir leis an pholasaí éide. Is den dea-chleachtas é go gcinnteoidh siad go mbeidh formáid agus modh an chomhairliúcháin ag riar ar riachtanais inrochtana agus/nó litearthachta i dtaca leo siúd a bheidh páirteach sa chomhairliúchán.

35. Is cuid lárnach d'fhorbairt na bpolasaithe faoi éide scoile bheith aireach faoi thuairimí na ndaltaí. Tá an cur chuige seo mar mhacalla ar phrionsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste, a leagann béim ar a thábhachtaí atá sé aird a bheith ar thuairim an pháiste faoi chinntí a bhaineann dóibh.

36. Ba chóir don chomhairliúchán tabhairt go díreach faoi na riachtanais atá leagtha amach sna treoracha seo.

37. Is tábhachtach go gcoinneoidh scoileanna taifead faoi phróiseas an chomhairliúcháin, lena n-áirítear na freagairtí a tugadh agus na cinntí a rinneadh. Is tábhachtach próiseas oscailte trédhearcach comhairliúcháin a bheith ann mar eolas do pholasaí éide na scoile agus beidh sin mar fhianaise don Roinn go bhfuil an polasaí éide ag cloí le riachtanais an Achta.

## Treoir 5

**Ní mór do bhainisteoir na scoile athbhreithniú a dhéanamh ar a bpolasaí faoi éide scoile ar a laghad uair amháin gach trí bliana, nó níos minice sa chás go mbeidh costais iomarcacha i gceist.**

<u>Míniú</u>

38. Uair amháin gach trí bliana ar a laghad, ní mór do bhainisteoir na scoile a chinntiú go ndéanfar athbhreithniú substainteach ar pholasaí éide na scoile. Ní mór don athbhreithniú measúnú a dhéanamh ar gach ceann de na treoirlínte seo a chomhlíonadh.

39. Nuair a bheifear i mbun an athbhreithnithe seo, ní mór do bhainisteoir na scoile bheith aireach go háirithe ar an inacmhainneacht do theaghlaigh ar ioncaim níos ísle.

40. Aon uair a dhéanfar polasaí éide scoile a athbhreithniú, ní mór aird faoi leith a bheith ar thréimhse aistrithe a cheadú, maidir le hathruithe ar riachtanais na héide, de réir Threoir 13.

41. Ní mór do bhainisteoir na scoile a chinntiú, uair sa bhliain, go bhfuil an polasaí éide inacmhainne i gcónaí do thuismitheoirí. Sa chás go mbeadh aon údar imní ann nó sa chás go n-aimseodh bainisteoir na Scoile nó an Roinn aon cheisteanna maidir le polasaí éide na scoile, ba chóir do bhainisteoir na scoile athbhreithniú a thionscnamh láithreach ar an pholasaí éide scoile beag beann ar chomh fada atá sé ó rinneadh an t-athbhreithniú cheana.

## Treoir 6

**Ba chóir do pholasaithe éide scoile íoslaghdú a dhéanamh ar an líon ball faoi bhranda, cúiseanna a chur ar fáil maidir lena leithéid a bheith ann, agus roghanna eile a fhiosrú**.

Míniú

42. Measann an Roinn gur míréasúnta go mbeadh scoil ag iarraidh líon mór ball faoi bhranda mar chuid dá polasaí éide, áit a mbeadh ar thuismitheoirí íoc astu sin.

43. Níl an Roinn ag tabhairt sainmhínithe sna treoracha seo ar cad is líon mór ball faoi bhranda ann; mar sin féin, táthar ag déanamh gur cineálach an chuid is mó de bhaill éide. Chomh maith leis sin, ní chuireann sin bac ar theorainn a leagan síos i dtreoracha amach anseo sa chás go meastar go mbeidh gá leis sin.

44. Sa chás gur mhaith le bainisteoir scoile líon mór ball faoi bhranda a chur sa pholasaí éide, ní mór ansin fianaise a thabhairt go ndearnadh breithniú gníomhach faoi mhodhanna eile le híoc astu sin. San áireamh bheadh iasacht na mball ón scoil, nó scéim liúntais a chur ar fáil maidir leis na baill sin. Is féidir gur trí urraíocht nó liúntas díreach ó sholáthróir éide a bheadh i gceist leis sin, mar shampla.

45. Maidir le gach ball faoi bhranda ba mhaith le bainisteoir na scoile a chur sa pholasaí éide, ní mór cúis leis a chur ar fáil le hais an chostais. Ba chóir tagairt faoi leith a dhéanamh don bhall éide sin sa chomhairliúchán a dhéanfar a reáchtáil nuair a bheidh an mhír seo den pholasaí éide á dearadh nó á hathbhreithniú.

46. Tuigtear go mb'fhéidir gur mhaith le scoileanna baill a bheith acu atá sainiúil don scoil, ar nós casóga in iar-bhunscoileanna. Tá bealaí praiticiúla le seo a dhéanamh ar bheagán costais, ar nós casóga aicrileacha ar a bhfuil dath cineálach agus an rogha meirge a fhuáil nó a iarnáil orthu.

47. Ba chóir go mbeadh cead ag gach dalta cóta gan bhranda i réimse dathanna a chaitheamh, faoi réir ag comhairle na scoile. Measann an Roinn gur míréasúnta do scoil gan ligean do dhalta ach cóta faoi bhranda a chaitheamh, lena n-áirítear sainbhranda na scoile.

48. Ar a laghad, ba chóir go mbeadh bríste, sciortaí/gúnaí, léinte agus bróga cineálacha ag scoileanna, atá ar fáil ó réimse leathan soláthróirí lena n-áirítear ollmhargaí.

## Treoir 7

**Ba chóir do pholasaithe éide scoile tús áite a thabhairt do bhaill éide Chorpoideachais atá cineálach agus úsáid na héide sainscoile nó faoi bhranda sa Chorpoideachas a íoslaghdú.**

Míniú

49. Baineann na treoracha ar fad sa cháipéis seo le héide Chorpoideachais (dá dtagraítear mar Corpoideachas/cluichí). Ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil an éide Chorpoideachais inacmhainne agus inrochtana, go háirithe do theaghlaigh ar ioncaim níos ísle. Beidh tábhacht faoi leith sa phróiseas comhairliúcháin le soláthar an eolais faoi réasúnaíocht agus chostas na héide Chorpoideachais agus chluichí a bheidh de dhíth.

50. Is eol don Roinn go bhfuil méadú ag teacht ar leibhéal an trealaimh faoi bhranda in úsáid i scoileanna don Chorpoideachas agus do chluichí.

51. Measann an Roinn gur míréasúnta go mbeadh aon trealamh Chorpoideachais faoi bhranda dá leithéid a bheith mar *mhír éigeantach* de pholasaí éide scoile do pháistí in aois bhunscoile. Ní mór gur baill chineálacha iad na baill éide don Chorpoideachas i mbunscoileanna, nó is féidir go mbeidh éide na scoile féin oiriúnach don Chorpoideachas. Sa chás go ndéanfadh scoil cinneadh faoi bhall faoi bhranda a dhéanamh roghnach, níor chóir aon difear a dhéanamh idir an chóir a dhéantar ar dhaltaí bunaithe ar an bhall sin. Mar shampla, más ceadmhach an ball faoi bhranda a chaitheamh ar scoil lá Corpoideachais, ní mór go mbeidh cead an ball comhionann cineálach a chaitheamh chomh maith.

52. Ba chóir do na polasaithe éide scoile in iar-bhunscoileanna baill faoi bhranda a íoslaghdú agus breithniú ar a inacmhainne atá siad agus an luach ar airgead atá ar fáil. Ní mór go háirithe aon riachtanas a bhreithniú go cúramach i dtaca le branda na scoile a bheith ar bhríste gairid, scórta, stocaí agus bríste traenála. Measann an Roinn gur réasúnta go mbeadh roghanna cineálacha ar fáil maidir leis na baill seo fiú agus riachtanas sa scoil maidir le barra Corpoideachais atá faoi bhranda sainiúil na scoile. Ní chuireann seo bac le roghanna ar leaganacha faoi bhranda de na baill seo, ach níor chóir do scoileanna cóir dhifriúil a chur ar dhaltaí bunaithe ar cé acu is faoi bhranda nó cineálacha na baill éide sin.

53. Ba chóir do scoileanna breithniú cúramach agus comhairliúchán a dhéanamh faoin chúis agus faoin ghá le riachtanais iomadúla éide don Chorpoideachas agus do chluichí, cé go n-aithnítear go bhfuil sainchineálacha bróg ina riachtanas do spóirt áirithe.

54. Ba chóir do scoileanna gach iarracht a dhéanamh éidí ar leis an scoil iad a chur ar fáil do na foirne ionadaíocha, go háirithe murab ionann sin agus an ghnáthéide chluichí. Níor chóir aon pháiste a dhealú ón rannpháirtíocht le

foireann nó spórt aonair ionadaíocht i ngeall ar a inacmhainne atá éide riachtanach.

55. Is cuidiú mór é fosta stoc gnáth-threalaimh a bheith ar fáil le linn Corpoideachais agus cluichí, ar nós maidí haca, clogaid agus pillíní cruicéid, bataí leadóige agus badmantain seachas a iarraidh ar thuismitheoirí iad seo a cheannach.

56. Tugtar faoi deara go bhfuil roinnt scoileanna ann a chuireann gníomhaíochtaí speisialta spóirt ar fáil nach cuid den churaclam Corpoideachais ná den soláthar scoile iad, agus bíonn sainriachtanais éide nó trealaimh i gceist seachas gnáthéide riachtanach an Chorpoideachais. Samplaí díobh seo is ea an phionsóireacht, marcaíocht chapaill, galf agus damhsa Gaelach. Beidh cur chuige tuisceanach ag an Roinn i dtaca leis na ceisteanna seo agus ní bheidh gá an tsainéide agus trealamh sin a mheas mar chuid d'éide Chorpoideachais /chluichí na scoile ná ní bheidh gá a chur san áireamh i bpolasaí éide na scoile.

## Treoir 8

**Ba chóir do pholasaithe éide scoile míniú a thabhairt faoi na cúiseanna le gach ball éide, go háirithe dathanna neamhchoitianta agus baill faoi bhranda, agus a léiriú cén dóigh a bhfuil na roghanna seo inacmhainne, inrochtana, agus cén luach ar airgead atá ar fáil do thuismitheoirí.**

<u>Míniú</u>

57. An chúis le dearadh éide na scoile a bhfuil comhairliúchán le déanamh faoi agus atá le foilsiú. Ní mór na nithe a leanas, agus eile más mian sin, a mhíniú:
    i. aon bhaill éide atá ar dhath neamhchoitianta agus a chostas sin, á léiriú má tá costas níos airde air seo ná mar a bheadh ar bhall ar dhath coitianta, agus an chúis lena chur sa pholasaí a mhíniú;
    ii. an chúis leis an réimse ball a mholtar a chur sa pholasaí éide;
    iii. an chúis le haon bhall, lena n-áirítear trealamh corpoideachais agus/nó cluichí atá sainiúil don scoil agus/nó faoi bhranda agus aon tacaíocht atá ar fáil do thuismitheoirí iad seo a cheannach nó a fháil ar iasacht;
    iv. cé chomh forleathan atá na baill seo le haghaidh tuismitheoirí iad a cheannach;
    v. cé acu atá de scóip ag tuismitheoirí baill éagsúla den éide a cheannach ag tráthanna éagsúla sa bhliain scoile, seachas ag an tús amháin;
    vi. cén dóigh a bhfuil an éide mar thaca le compord, praiticiúlacht agus rannpháirtíocht daltaí sa churaclam.

58. Ba chóir do bhainisteoir na scoile a léiriú do thuismitheoirí go bhfuil machnamh déanta faoin rogha ball éide agus cén dóigh a riarann sé ar riachtanais na dtreoracha seo agus an Achta.

## Treoir 9

**Ba chóir do pholasaithe éide foráil a dhéanamh i leith baill éide a thabhairt ar iasacht do dhaltaí.**

Míniú

59. Áit ar féidir le scoileanna iasacht ball éide a shocrú nó a éascú, ba chóir seo a chur chun tosaigh. Bíonn seo i gceist go háirithe dóibh siúd atá ag déanamh ionadaíochta ar son na scoile, go háirithe sna spóirt iomaíocha. Measann an Roinn gur beart praiticiúil é seo a bhíonn ina chuidiú ag tuismitheoirí leis an inacmhainneacht a bhainistiú.

## Treoir 10

**Ba chóir do pholasaithe éide tacú leis an rochtain ar thaiscí éide ina bhfuil baill athláimhe ar fáil.**

Míniú

60. Measann an Roinn gur réasúnta ó thaobh na hinacmhainneachta agus na hinbhuanaitheachta de go mbeidh teacht ag tuismitheoirí agus ag daltaí ar bhaill éide ardcháilíochta athláimhe. Beart praiticiúil eile é taisce éadaí a reáchtáil, bíodh sin ag an scoil féin nó ag grúpaí áitiúla/pobail, mar thaca le tuismitheoirí an inacmhainneacht a bhainistiú agus leis an timpeallacht chomh maith.

## Treoir 11

**Ba chóir go mbeadh éidí ar fáil go ginearálta ó roinnt soláthróirí lena chinntiú go mbeidh siad inrochtana agus inacmhainne do theaghlaigh. Den chuid is lú, ba chóir go mbeadh aon soláthróir amháin neamhspleách ann sa dóigh nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil, conartha, ná neamhfhoirmiúil acu leis an scoil na héidí a dhíol. Ní féidir eisceacht a bheith air seo ach amháin sa chás go bhfoilsíonn bainisteoir na scoile dearbhú faoi luach ar airgead.**

Míniú

61. Is tábhachtach go dtacaítear leis an iomaíocht oscailte sa dóigh go mbeidh an praghas is fearr ar fáil do thuismitheoirí ar aon bhall éide scoile. An túsphointe d’aon scoil ar bith is ea go bhfágann dearadh a héide go bhfuil gach ball ar fáil ó oiread soláthróirí éide agus is féidir.

62. Áit a n-aithníonn scoil, i bpróiseas oscailte trédhearcach, gur féidir léi praghas níos fearr a fháil bíodh sin ar bhaill aonair éide nó ar an éide iomlán trí chomhaontú, ní mór don scoil dearbhú a fhoilsiú faoi sin. Ba chóir go n-áireofaí leis sin dáta tosaigh agus deiridh an chomhaontaithe.

63. Measann an Roinn nach mbeidh an riachtanas comhlíonta maidir le dearbhú luach ar airgead a fhoilsiú ach amháin sa chás go leagann bainisteoir na scoile amach an difear sa chostas atá i gceist leis an chomhaontú i gcomparáid leis an costas mura raibh an comhaontú ann. Ní mór mar sin costas gach ball agus costas iomlán an éide a fhoilsiú mar a bheadh siad gan an comhaontú, le hais an luach ar airgead atá bainte amach mar gheall ar an chomhaontú.

64. Tá teimpléad ar fáil nach gcuireann aon bhac le heolas breise a chur ar fáil sa chás gur mhaith le bainisteoir scoile sin a chuimsiú ina ráiteas.

65. Beidh feidhm leis an riachtanas seo ón dáta a thiocfaidh an tAcht i bhfeidhm i.e. 20 Feabhra 2026.

66. Sa chás go bhfuil comhaontú ann ón tréimhse roimh an dáta is féidir leis sin dul ar aghaidh go héag ach gan dul thairis sin. Áit nach bhfuil dáta éagtha leagtha síos, measann an Roinn gur réasúnta comhaontú dá leithéid a athbhreithniú de réir riachtanais an Achta agus in am don scoilbhliain 2026/27. Beidh sé riachtanach an t-eolas seo a fhoilsiú.

## Treoir 12

**Ba chóir do bhainisteoir na scoile an t-eolas seo a fhoilsiú ar an suíomh gréasáin agus a choinneáil cothrom le dáta:**

- i. **polasaí éide na scoile;**
- ii. **uair sa bhliain ar a laghad, aon eolas faoi chomhaontú a gcuirtear síos air faoi Threoir 11 ach amháin sa chás gur comhaontú réamhfheidhme é;**
- iii. **an dearbhú faoi luach ar airgead sa chás go dtugtar faoi aon chomhaontú le soláthróir aonair/teoranta éide faoi Threoir 11;**
- iv. **eolas faoi chomhairliúchán na scoile le tuismitheoirí, daltaí agus aon duine eile, lena n-áirítear an toradh a bhí air;**
- v. **an chúis leis na riachtanais maidir le baill na héide agus an dearadh iomlán atá leagtha amach sa pholasaí éide;**
- vi. **costas gach ball den éide nó réimse costas in aghaidh an bhaill, más oiriúnach;**
- vii. **costas iomlán gach éide, nó réimse costas más oiriúnach;**
- viii. **na soláthróirí éide a bhfuil gach uile bhall éide ar fáil uathu;**
- ix. **an tráth deireanach a ndearnadh athbhreithniú ar pholasaí éide na scoile;**
- x. **eolas faoi aon bhaill éide a thugann an scoil ar iasacht do dhaltaí;**
- xi. **eolas faoi aon taisce éidí a bhfuil fáil ag tuismitheoirí air.**

Míniú

67. Ní mór do bhainisteoir na scoile an t-eolas seo a fhoilsiú mar riachtanas íosta faoin Acht. Is féidir leo chomh maith aon eolas breise a cheapann siad a bheith ina chuidiú a fhoilsiú fosta. An prionsabal bunaidh ná a chinntiú go mbeidh gach eolas ábhartha foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile de ghrá na trédhearcachta do thuismitheoirí agus daltaí reatha chomh maith le tuismitheoirí agus daltaí ionchasacha.

## Treoir 13

**Ní mór do bhainisteoir scoile tréimhsí réasúnta aistrithe a chur ar fail nuair a bheifear ag athrú na riachtanas éide.**

Míniú

68. Nuair a shocraíonn scoil a rialacha éide a athrú agus baill nua a thabhairt isteach, is tábhachtach dóthain ama a chur ar fáil leis an athrú tarlú go réidh. Tugann seo an deis do thuismitheoirí lánúsáid a fháil as na héidí atá ceannaithe acu cheana agus cuidíonn le soláthróirí a gcuid stoic a bhainistiú go réidh gan driopás gan diomailt. Ba chóir do cheannairí na scoile dul i dteagmháil go luath le soláthróirí éide leis an réamhphleanáil a éascú.

69. Measann an Roinn gur réasúnta do bhainisteoir na scoile tréimhse a chur ar fáil inar féidir le baill reatha an éide a chaitheamh le hais aon bhall nua éide atá tagtha isteach.

70. Measann an Roinn gur réasúnta do bhainisteoir scoile a chinntiú go ndéantar breithniú faoi eochairchéim daltaí, agus difreáil thuisceanach a chur i bhfeidhm. Mar shampla, is réasúnta go mbeadh ar dhaltaí Bhliain 1 agus Bhliain a 8 baill nua éide a cheannach, ach ní réasúnta go mbeadh ceangal ar dhaltaí Bhliain 7 agus Bhliain 14 déanamh amhlaidh.

## Treoir 14

**Níor chóir go mbeadh costas éide mar bhac réasúnta ar dhaltaí cur isteach ar áit sa scoil ná páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí na scoile.**

Míniú

71. Is tábhachtach nach gcuirfí tuismitheoirí ná daltaí ionchasacha ó dhoras, go réasúnta, i ngeall ar imní faoi chostas na riachtanas éide.

72. Níor chóir bac a chur ar aon dalta a bheith rannpháirteach in aon ghníomhaíocht churaclaim ná ionadaíoch i ngeall ar aon imní dá leithéid faoi chostas éidí. (Tugtar don aire, mar sin féin, Alt 56).

73. Sa chás go bhfaighidh an Roinn gearán nó eolas faoi chúrsaí mar sin déanfaidh sí measúnú bunaithe ar fhianaise agus iarrfaidh ionadaíocht ó bhainisteoir na scoile. Sa chás go mbeadh an Roinn den tuairim nár chomhlíon scoil riachtanais na dtreoracha seo, tabharfar ordú don scoil iad a chomhlíonadh. Ní mór téacs iomlán an ordaithe, lena n-áirítear ainm na scoile, a fhoilsiú faoin Acht. Beidh treoir san ordú sin do bhainisteoir na scoile a bheidh infheidhme le himeachtaí na cúirte, mura leantar í.

## Treoir 15

**Níor chóir aon phionós a ghearradh ar dhaltaí as cúrsaí éide arb í an inacmhainneacht is cúis leo.**

<u>Míniú</u>

74. Aithníonn agus admhaíonn an Roinn an ceart ag scoileanna iad féin a reáchtáil go laethúil, lena n-áirítear cúrsaí iompair. Is tábhachtach, mar sin féin, go mbeidh tacaíocht ag daltaí agus nach ngearrfar pionós orthu sa chás nach mbeidh siad ábalta riachtanais éide a chomhlíonadh i ngeall ar chruatan airgeadais, go háirithe áit ar cailleadh baill, nó nach féidir ceann nua a fháil láithreach.

75. Measann an Roinn gur réasúnta do scoileanna a dhéanamh amach an inacmhainneacht atá i gceist nuair nach bhfuil dalta faoin éide iomlán. B'fhéidir go mbeadh fiosruithe tuisceanacha discréideacha i gceist leis na dálaí a dhéanamh amach, ach dínit agus príobháideachas an dalta a choinneáil i rith an ama.

76. Níor chóir do bhainisteoir na scoile dalta a chur abhaile nó, más praiticiúil ó thaobh na sábháilteachta de, bac a chur orthu ó pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile ar nós Corpoideachais nó cluichí díreach i ngeall ar pholasaí éide na scoile a shárú uair amháin. Sa chás go bhfuil ball éide caillte, goidte nó loite, ní mheasann an Roinn gur oiriúnach do scoileanna dalta a chur abhaile díreach i ngeall air sin. Is réasúnta chomh maith go dtabharfaí dóthain ama le haghaidh baill eile a aimsiú ina n-áit siúd a goideadh nó a cailleadh.

## Treoir 16

**Ba chóir do bhainisteoir na scoile sonraí costais éide agus faisnéis ábhartha eile a chur ar fáil don Roinn nuair a iarrfar sin.**

<u>Míniú</u>

77. Leagann an tAcht freagrachtaí ar an Roinn tuairisc a dhéanamh faoi shaincheisteanna áirithe. Cuimsítear leo sin gnáthchostas nó meánchostas éidí scoile agus ball aonair éidí. Déanfaidh an Roinn monatóireacht chomh maith ar an oiread a chomhlíonfaidh polasaithe éide na scoile na riachtanais atá leagtha amach san Acht agus sna treoracha seo.

78. Leis an tuairisc riachtanach a tháirgeadh, cuirfidh an Roinn de cheanglas ar bhainisteoir na scoile sonraí faoi leith a chur ar fáil nuair a iarrtar sin.

79. Is ar bhonn bliantúil ar dtús a iarrfar sonraí. Baileofar iad go leictreonach agus beidh sin ag teacht leis an eolas a bhfuil de cheanglas ar scoileanna a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin. B'fhéidir go mbeadh laghdú ar a mhinicíocht sin le himeacht ama.

80. Ó am go chéile, is féidir go n-iarrfaidh an Roinn tuilleadh eolais. Ní iarrfar sin ach chomh minic agus is gá, agus beidh ar scoileanna an t-eolas seo a chur ar fáil an tráth céanna lena dtuairiscí rialta bliantúla.

## Iarscríbhinn 1

**REACHTAÍOCHT CHOMHIONANNAIS AGUS CHEARTA AN DUINE**

Acht um Chearta an Duine 1998

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh

An tOrdú um Chaidreamh Ciníoch (Tuaisceart Éireann) 1997

An tOrdú um Idirdhealú ar Bhonn Gnéis (Tuaisceart Éireann) 1976

An tOrdú um Riachtanais Oideachais Speisialta agus Míchumas (Tuaisceart Éireann) 2005

Rialacháin an Achta um Chomhionannas (Claonadh Gnéasach) (Tuaisceart Éireann) 2006

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)

## Iarscríbhinn 2

### Acht um Éidí Scoile (Treoracha agus Liúntais) 2026

### Ráiteas faoi Luach ar Airgead faoi Alt 3

Déanaimse, CUIR ISTEACH AINM, an dearbhú seo mar bhainisteoir CUIR ISTEACH AINM NA SCOILE.

Tá comhaontú/conradh (scrios mar is oiriúnach síos tríd) ag AINM NA SCOILE maidir leis na baill éide a leanas a sholáthar:

Liostaigh gach ball atá clúdaithe faoin chomhaontú/chonradh agus an costas atá air gan an comhaontú/conradh agus leis an chomhaontú/chonradh e.g.

| Ball | Costas gan comhaontú/conradh | Costas faoin chomhaontú/chonradh |
| --- | --- | --- |
| e.g. Casóg | £xx | £xx |

| Costas iomlán gan comhaontú/conradh | Costas iomlán faoin chomhaontú/chonradh |
| --- | --- |
| £xx | £xx |

Beidh tosach feidhme ag an chomhaontú/chonradh seo ar an CUIR ISTEACH DÁTA agus is ar an CUIR ISTEACH DÁTA a rachaidh sé in éág.

Dearbhaím go gcinntíonn an comhaontú/conradh seo luach ar airgead maidir le baill éadaí a bheidh de dhíth ar dhaltaí CUIR ISTEACH AINM NA SCOILE.

Tá tuilleadh eolais agus míniúcháin ar fáil maidir leis an dearbhú seo go bhfuil luach ar airgead ar fáil as an chomhaontú/chonradh seo:

Ainm:

Scoil:

Dáta:

Síniú:

# NÍL AN MÉID SEO A LEANAS MAR CHUID DE TREORACHA REACHTÚLA

## Modhanna Praiticiúla lenar Féidir le Scoileanna Costais Éide a Laghdú

Tá seicliosta praiticiúil ar fáil anseo do scoileanna le breithniú ar laghdú na gcostas ar theaghlaigh nuair a bheifear ag dearadh a bpolasaithe éide scoile.

1. **Dathanna coitianta a úsáid**
   Roghnaigh gnáthdhathanna don oiread ball agus is féidir (e.g. léinte bána, bríste dubh, stocaí liatha) atá ar fáil go héasca ó ollmhargaí agus ó shiopaí lár an bhaile.

2. **Bíodh an éide inchaite ar feadh na bliana**
   Ná bac éidí difriúla samhraidh agus geimhridh ach amháin más roghnach iad. Laghdóidh seo an líon ball is gá do theaghlaigh a cheannach.

3. **Casóga Aicrileacha de rogha ar Chasóga Olla**
   Tá na casóga aicrileacha níos inacmhainne agus is féidir iad a ní san inneall níocháin.

4. **Cuir teorainn leis an líon Ball faoi Bhranda nó Sainiúil don Scoil**
   Fágtar uait oiread agus is féidir na baill faoi bhranda agus ná bac leo ach amháin más gá. Is féidir meirgí infhuála nó iniarnáilte a úsáid seachas lógónna bróidnithe a éileamh.

5. **Seachain Stíleanna Daora**
   Roghnaigh stíleanna simplí do bhaill ar nós casóg (fág uait bréid agus ornáid), sciortaí (ná bac pléataí) agus bríste leis an chostas a choinneáil íseal.

6. **Bíodh Cead Gnáthchótaí a chaitheamh**
   Bíodh cead ag daltaí gnáthchótaí gan aon bhranda orthu a chaitheamh, ar dhathanna atá ceadaithe ag an scoil.

7. **Ná Bíodh Éidí Difriúla don Chorpoideachas agus do Chluichí**
   Bíodh aon éide amháin ann don Chorpoideachas agus do chluichí agus aon áit ar féidir sin, ná bíodh gá le héidí difriúla le haghaidh gníomhaíochtaí difriúla.

8. **Gan Éide Corpoideachais faoi Bhranda a bheith de dhíth ar Dhaltaí Bunscoile**
   Ba chóir go mbeadh éidí cineálacha ísealchostais ann don chorpoideachas ar an bhunscoil. B'fhéidir go mbeadh éide na scoile féin oiriúnach don chorpoideachas.

9. **Ná bíodh an iomarca ball éide faoi bhranda don Chorpoideachas san Iar-Bhunscoil**

Ba chóir do na hiar-bhunscoileanna an líon ball éide faoi bhranda a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Ba chóir breithniú cúramach a dhéanamh, go háirithe, ar bhríste gairid/scortaí, stocaí agus bríste traenála a bheith sainiúil don scoil. Is réasúnta go mbeadh roghanna cineálacha ar fáil maidir leis na baill seo fiú áit a n-éilíonn an scoil go mbeadh barr faoi bhranda nó sainiúil don scoil ann.

10. **Éidí ar leis an Scoil iad a chur ar fáil d'Fhoirne Scoile**
    Éidí a chur ar fáil do dhaltaí atá ag déanamh ionadaíochta ar an scoil sa spórt nó i ngníomhaíochtaí eile, leis an chostas breise a sheachaint.

11. **Bíodh Stoc Gnáth-threalaimh Spóirt ann**
    Cuir nithe roinnte ar fáil ar nós maidí haca, leadóige, cruicéid srl. le húsáid le linn an chorpoideachais agus cluichí.

12. **Tacaigh le Taiscí Éide agus Scéimeanna Iasachta**
    Ba chóir tacú le héidí a athúsáid le siopaí éide athláimhe nó taiscí éadaí. Bíodh scéimeanna iasachta ann do nithe nach n-úsáidtear ach go sealadach.

13. **Cinntigh go bhfuil rogha soláthróirí ann**
    Déan cinnte de go mbeidh éidí ar fáil ó líon mór díoltóirí ach amháin sa chás go bhfuil comhaontú luach ar airgead ar fáil agus sin foilsithe.